**Critéir agus Treoirlínte le haghaidh**
**Scéim Deontais Forbartha Club 2023**

**Cuspóirí na scéime**

Tá sé mar aidhm ag Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí méadú marthanach a bhaint amach i leibhéil rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí fisiciúla, spóirt agus maireachtáil go gníomhach i gContae Uíbh Fhailí. Tá an scéim deontais forbartha club seo deartha chun tacú le: -

i. cláir áitiúla chun ballraíocht club a mhéadú nó a choinneáil
ii. tionscnaimh atá deartha chun rannpháirtíocht grúpaí a bhfuil tearcionadaíocht acu sa spórt a mhéadú
iii. trealamh oiliúna neamhphearsanta a cheannach chun tacú le cláir um fhilleadh ar chláir spóirt arís agus / nó rannóga nua a bhunú laistigh de chlubanna nó eagraíochtaí spóirt atá ann cheana féin
iv. tacú le clubanna nua maidir le costais tionscnaimh tosaigh (m.sh. cleamhnacht, árachas, trealamh, ionad ar cíos, srl.)
v. pleanáil mheántéarmach agus fhadtéarmach an chlub

**Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**

Le bheith incháilithe le cur isteach ar an maoiniú seo, ba cheart do chlubanna / eagraíochtaí spóirt:-

- a bheith bunaithe in Uíbh Fhailí
- a bheith
  i. cleamhnaithe le nó a bheith i mbun cleamhnaithe le Comhlacht Náisiúnta Rialaithe Spóirt atá aitheanta ag Spórt Éireann; nó
  ii. a bheith ina n-eagras phobail áitiúil a bhfuil feidhm acu maidir le soláthar spóirt agus / nó cláir ghníomhaíochta coirp ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne[1]
- doiciméid rialachais iomchuí (bunreacht, meabhrán agus airteagail chomhlachais nó a leithéid) a bheith i bhfeidhm acu
- oibriú ar bhonn neamhbhrabúis; agus a bheith oscailte do bhallraíocht an phobail
- polasaithe, cleachtais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm a spreagann rannpháirtíocht gan aird ar chumas, aois, stádas teaghlaigh nó pósta, inscne, cúlra eitneach, claonadh gnéasach nó ballraíocht den Lucht Siúil
- árachas cuí a bheith i bhfeidhm acu le gur féidir a ngníomhaíochtaí go léir a chur ar fáil
- cloí le treoirlínte dea-chleachtais i réimse leanaí sa spórt. I measc na dtreoirlínte dea-chleachtais tá: -
  - go mbeadh ráiteas um chumhdach leanaí curtha i bhfeidhm
  - oifigeach leasa club agus duine ainmnithe idirchaidrimh a bheith ceaptha
  - go ndéanann an Garda Síochána Grinnfhiosrúchán ar chóitseálaithe / oibrithe deonacha a oibríonn le foirne agus le daoine aonair faoi aois
  - a chinntiú go bhfuil oiliúint um Chosaint 1 (cosaint leanaí) faighte ag cóitseálaithe agus oibrithe deonacha a oibríonn le daoine aonair / foirne faoi aois

[1] Cé gur féidir le heagraíochtaí pobail iarratas a dhéanamh faoin scéim seo, gheobhaidh comhlachtaí cleamhnaithe leis na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt ualú níos treise nuair a dhéantar measúnú ar an iarratas

**Cé nach bhfuil incháilithe chun iarratas a dhéanamh?**

- daoine aonair
- eagraíochtaí rialaithe náisiúnta / réigiúnacha / contae
- gníomhaireachtaí reachtúla
- grúpaí brabúis / eagraíochtaí tráchtála / úinéirí saoráidí príobháideacha

**<u>Scéimeanna</u>**

Is féidir le club / eagraíocht spóirt iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú **<u>faoi cheann de na cúig scéim</u>** atá léirithe ar an bhfoirm iarratais mar seo a leanas: -

**1. Cláir áitiúla chun ballraíocht club a mhéadú nó a choinneáil**

Is féidir le club nó le heagraíocht spóirt iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun tacú le cur i bhfeidhm tionscadail aon uaire nó i leith idirghabhála a sholáthraíonn a gclub nó a n-eagraíocht spóirt chun a mballraíocht reatha a mhéadú, nó an bhallraíocht reatha atá acu a choinneáil. I measc na dtionscadal / idirghabhálacha a mheastar a bheith incháilithe faoin snáithe seo tá, ach gan a bheith teoranta do, laethanta '*tar agus bain triail as*', cláir chlub / scoile, campaí, léigeanna sráide, ranganna aclaíochta, srl.

**2. Tionscnaimh chun rannpháirtíocht grúpaí a bhfuil tearcionadaíocht acu sa spórt a mhéadú**

Is féidir le club / eagraíocht spóirt iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun tionscnaimh a chur i bhfeidhm atá deartha chun rannpháirtíocht grúpaí atá faoi thearcionadaíocht sa spórt a mhéadú. Chun críocha an tsnáithe maoinithe seo, áirítear ar ghrúpaí faoi thearc ionadaíocht, daoine fásta breacaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine de chúlra mionlaigh eitnigh lena n-áirítear an Lucht Siúil, daoine faoi mhíbhuntáiste tuaithe nó uirbeach, daoine dífhostaithe
nó tearcfhostaithe, mná agus cailíní, agus daoine óga i mbaol

**3. Trealamh**

Is féidir le club nó eagraíocht spóirt iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun trealamh oiliúna neamhphearsanta a cheannach chun tacú le cláir um fhilleadh ar an spórt agus / nó chun rannóga nua a bhunú laistigh de chlubanna nó d'eagraíocht spóirt atá ann cheana féin.

**4. Clubanna nua**

Is féidir le club nua nó le heagraíocht nua spóirt cur isteach ar mhaoiniú faoin snáithe seo chun tacú le: -

i. clubanna nua maidir le costais tionscnaimh tosaigh (m.sh. cleamhnacht, árachas, trealamh, ionad ar cíos, srl.) a tabhaíodh laistigh den 12 mhí roimh an nglao seo ar mhaoiniú; nó
ii. costais tionscnaimh tosaigh (m.sh. cleamhnacht, árachas, trealamh, ionad ar cíos, srl.) is dócha a thabhófar chun club nua a bhunú sa bhliain féilire 2023

Ní fhéadfaidh clubanna a dhéanann iarratas faoin scéim seo maoiniú a tharraingt anuas gan deimhniú a fháil ón gcomhlacht rialaithe ábhartha go bhfuil an próiseas cleamhnaithe críochnaithe acu

5. **Pleanáil mheántéarmach agus fhadtéarmach an chlub**

Is féidir le club nó eagraíocht spóirt maoiniú faoin snáithe seo a úsáid chun tacaíocht nó éascú seachtrach a aimsiú chun cabhrú maidir le plean scríofa um fhorbairt an chlub a dhréachtú agus a fhoilsiú. Beidh íostréimhse ama de thrí bliana ag plean forbartha; agus áireofar leis tacar spriocanna réalaíocha ar féidir a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar rath an phlean. D'fhéadfadh go mbeadh siad seo a leanas san áireamh sna spriocanna: -

i. rannpháirtíocht a mhéadú
ii. cóitseáil a fheabhsú
iii. obair dheonach a fheabhsú
iv. baill an chlub a choinneáil

Cé go bhfuil an tsraith seo teoranta d'iarratais ó chlubanna nó ó eagraíochtaí spóirt, is féidir le club aonair iarratas a dhéanamh thar ceann bord contae chun forbairt plean don spórt sa chontae a threorú.

**<u>Rudaí nach dtabharfaidh muid maoiniú dóibh:</u>**

Costais reatha an chlub/na heagraíochta spóirt atá lasmuigh de na scéimeanna atá clúdaithe ag an gclár seo

**<u>Leibhéal na ndeontas</u>**

Is é €1,500 an t-uasleibhéal deontais do gach iarratas rathúil.

Tabhair faoi deara, b'fhéidir nach mbeifear in ann gach eagraíocht a mhaoiniú. Braithfidh sé sin ar líon na n-iarratas. Léirítear an chaoi a dtabharfar tosaíocht do na hiarratais sa phróiseas measúnaithe thíos

**<u>Iarratas</u>**

Beidh na codanna seo a leanas san iarratas: -

1. sonraí faoin gclub nó faoin eagraíocht spóirt
2. miondealú ar an iarratas ar mhaoiniú
3. dearbhú

Ba cheart iarratais a chomhlánú go hiomlán agus **<u>ar líne roimh an hAoine, 30ú Meitheamh</u>**. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha

Má tá deacrachtaí ag do chlub nó ag d'eagraíocht spóirt an fhoirm a chomhlíonadh ar líne, déan teagmháil le sports@offalycoco.ie chun é sin a phlé

**<u>Próiseas measúnaithe</u>**

- tar éis an spriocdháta **<u>Dé Aoine, 30ú Meitheamh</u>** cuirfidh Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí na hiarratais incháilithe a gheofar in ord tosaíochta
- déanfaidh coiste measúnú ar gach iarratas incháilithe ar bhunús na faisnéise a sholáthrófar san fhoirm iarratais agus in aon doiciméadúchán tacaíochta faoi iamh
- féadfaidh an coiste measúnaithe a iarradh go ndéanfar soiléiriú ar aon iarratas faoi leith
- b'fhéidir nach mbeifear in ann tacaíocht a sholáthar do gach iarratasóir, ná uasleibhéal an chúnamh deontais a sholáthar. Sannfaidh an coiste measúnaithe ualú ar iarratais bunaithe ar na critéir seo a leanas: -

| | |
|---|---|
| Iad a bheith Cleamhnaithe le Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta Spóirt atá aitheanta ag Spórt Éireann | 10 |
| Cáilíocht an iarratais | 15 |
| A mhéid a dtacaíonn an t-iarratas le cuspóir na scéime roghnaithe | 20 |
| Luach san iomlán ar airgead | 15 |
| **Iomlán** | **60** |

Tar éis an phróisis mheasúnaithe, cuirfear moltaí maoinithe faoi bhráid choiste bainistíochta Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí lena n-athbhreithniú agus lena bhfaomhadh

**Comhfhreagras, Maoiniú a Tharraingt Anuas agus a Thuairisciú**

- Cuirfear cinneadh na Comhpháirtíochta Spóirt in iúl do gach club / eagraíocht spóirt a dhéanfaidh iarratas.

- Caithfidh gach iarratasóir rathúil a a ainmniú ar chóras airgeadais Chomhairle Contae Uíbh Fhailí chun gur féidir an deontas a íoc. Beidh na doiciméid seo a leanas ag teastáil lena a chur ar bun: -
  - uimhir chánach nó carthanachta; agus an uimhir rochtana imréitigh cánach ghaolmhar chun ligean do Chomhairle Contae Uíbh Fhailí stádas cánach an iarratasóra rathúil a dhearbhú. Ba cheart go mbeadh an uimhir chánach nó carthanachta in ainm an chlub nó na heagraíochta spóirt agus ní in ainm duine a bhaineann leis an gclub nó leis an eagraíocht spóirt
    (tabhair faoi deara – níl uimhir chánach nó carthanachta ag teastáil ón gclub nó ón eagraíocht ná an uimhir rochtana imréitigh cánach a bhaineann leis chun iarratas a dhéanamh ar an scéim seo, ach beidh sonraí cánach an chlub ag teastáil uait má éiríonn le d'iarratas)
  - cuntas bainc nó comhar creidmheasa in ainm an chlub nó na heagraíochta spóirt

- Ceadófar d'iarratasóirí rathúla 80% tosaigh dá leithdháileadh iomlán a tharraingt anuas.

  Chun an 20% den leithdháileadh atá gan íoc a tharraingt anuas, iarrfar ar na hiarratasóirí rathúla tuairisc ghairid a chur isteach ar an chaoi ar caitheadh an maoiniú; mar aon le cruthúnas ar chaiteachas i bhfoirm admhálacha agus ráitis bhainc. Is féidir an tuarascáil seo a chur isteach nuair a bheidh 60% den leithdháileadh tosaigh (80%) caite.

  Tabhair faoi deara nach mór gach tuairisc ar chaiteachas a chur isteach chuig Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí ar ríomhphost chuig clubdevelopmentgrants@offalycoco.ie **roimh an hAoine, 15ú Márta 2024**

  Caithfear tuairiscí a chomhlíonadh ar an chaoi ar caitheadh an maoiniú; agus ní mór cloí le fianaise faoi má iarrtar agus nuair a iarrtar é, le bheith incháilithe do chúnamh deontais a fháil amach anseo ó Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí agus/nó ó Chomhairle Contae Uíbh Fhailí.
  (tabhair faoi deara - má fhaigheann do chlub / d'eagraíocht maoiniú ó Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí agus mura gcuireann tú cruthúnas ar fáil faoin chaoi ar chaitheadh an maoiniú a fuarthas; scaipfear an scéal laistigh de Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus d'fhéadfadh nach mbeadh do chlub / d'eagraíocht incháilithe le haghaidh tacaíochta sa todhchaí ó scéimeanna deontais arna mbainistiú ag an gComhairle)

**Poiblíocht & Admháil Tacaíochta**

Ba cheart d'iarratasóirí rathúla a thabhairt faoi deara go gcaithfidh siad cloí le haon iarratas réasúnta maidir le poiblíocht ó Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí. Ina theannta sin, tá sé mar choinníoll na scéime deontais go dtabharfar aitheantas dearfach don tacaíocht a fuarthas ó Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí agus ó Spórt Éireann in aon chur chun cinn / poiblíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht atá ceadaithe lena maoiniú.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá tuilleadh faisnéise faoin scéim ar fáil ag clubdevelopmentgrants@offalycoco.ie

SPORT IRELAND LOCAL SPORTS PARTNERSHIPS    Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Offaly County Council    LCDC